# Agallamh le duine óg.

• **Cén uair a bhíonn tú ag cumarsáid ó bhéal go poiblí?**

Bímse ag labhairt go poiblí le linn díospóireachtaí scoile. Bíonn mé ag cumarsáid go poiblí le linn ócáidí poiblí i mo cheantar chomh maith. Tá ionadaíocht déanta agam ar son mo scoile féin agus ar son mo cheantair áitiúil ag cumarsáid ó bhéal go poiblí.

Nuair a bhíonn mé ag cumarsáid ó bhéal go poiblí spreagann ábhar na díospóireachta mé. Nuair a bhím paiseanta faoin ábhar a bhím ag plé, bíonn mé breá sásta an obair ar fad a chur isteach ann. Is breá liom an bealach gur féidir liom mo chuid tuairimí a chur in iúl go poiblí agus mé i mbun díospóireachta. Leis an modh seo is féidir liom aird a tharraingt ar na topaicí seo agus is minic go dtéann na díospóireachtaí i bhfeidhm go héifeachtach ar mhuintir an phobail nó fiú polaiteoirí.

• **An mb'fhearr leat cumarsáid phoiblí a dhéanamh i d'aonar/ mar bhall de ghrúpa?**

Go pearsanta is fearr liom mo chumarsáid phoiblí a dhéanamh mar bhall de ghrúpa. Mothaím go mbíonn neart cúnaimh agus tacaíochta ar fáil ón bhfoireann agus ansin ní bhím neirbhíseach ná amhrasach faoi m'óráid. Fiú má dhéanann duine botún agus iad ag cumarsáid go poiblí mar ghrúpa, níl an oiread brú orthu i mo thuairim agus is féidir le duine eile de na baill sa ngrúpa na botúin seo a leigheas. Is maith liom nótaí tacaíochta a bheith i mo lámha agam i gcónaí agus mé i mbun díospóireachta ionas go mbeidh mé in ann súil a chaitheamh go sciobtha air má dhéanann mé botún nó dearmad ar céard a bhí le rá agam. Go pearsanta is maith liom giúmar nó greann a chur isteach i m'óráid má dhéanaim botún, baineann sé an dearmad as cloigeann an lucht éisteachta agus cruthaíonn sé dea-atmaisféar ionas go mbeidh an t-éisteoir sásta a bheith ag éisteacht liom agus suim acu sa gcaint.

• **Cé na straitéisí a mbaineann tú úsáid astu?**

Nuair a bhím ag ullmhú i gcomhair díospóireachtaí déanann mé cinnte go bhfuil eolas cruinn ceart agam ar na topaicí a bheas mé ag plé. Nuair a bhím muiníneach go bhfuil mo chur i láthair ar eolas agam agus go bhfuil mo chuid fíricí ar fad cruinn, déanaim cleachtadh os comhair mo chuid comhghleacaithe, mo mhúinteora, mo comhscoláirí agus mo chlainne.

Nuair a bhíonn mé i mbun cur i láthair go poiblí, déanann mé cinnte mo ghlór a athrú go minic chun aird an lucht éisteachta a bheith agam i gcónaí. Má bhíonn tú muiníneach agus soiléir taispeánann sé don lucht éisteachta go bhfuil a fhios agat céard a bhfuil tú ag caint faoi.

Nuair a bhím ag cleachtadh leis na nótaí coinníonn mé súil ar an achar a thógann sé orm píosa áirithe cainte a dhéanamh agus leis sin tugann sé treoir dom maidir le luas mo chuid cainte. Nuair a bhíonn tú ag caint go poiblí, bíonn pointí áirithe a chaithfidh tú a rá níos moille ná a chéile chun an óráid a bheith níos éifeachtaí, agus is scil ann féin é a bheith in ann an luas ceart a bheith agat le gach pointe.

Tá cruinneas i leith fhoghraíocht na Gaeilge an-tábhachtach nuair atá tú ag labhairt go poiblí. Chun an cruinneas seo a chinntiú déanann mé cinnte neart aiseolais a fháil tar éis mo chuid óráidí, agus faighim comhairle ó mo mhúinteoirí agus ó mo mhuintir. Má bhíonn aon deacrachtaí agam i leith focal a fhuaimniú agus nach bhfuil aon duine de mo chlann ná mo mhúinteoirí in ann cúnamh a thabhairt dom, úsáideann mé suíomhanna idirlín ar nós www.teanglann.ie.

• **Conas a chabhróidh na scileanna seo leat sa todhchaí?**

Beidh mo chuid scileanna díospóireachta an-úsáideach dom sa todhchaí i mo thuairim. Thar na mblianta atá caite agam ag plé le díospóireachtaí, tá mo chuid féin-mhuiníne tar éis teacht ar aghaidh go leor. Ceapaim go mbainfidh mé an-tairbhe as an bhforbairt seo sa todhchaí. Nuair a bheidh orm cur i láthair a dhéanamh amach anseo san Ollscoil nó ins an bpost a bheidh agam ní bheidh mé chomh neirbhíseach mar go bhfuil taithí agam ar an gcineál seo cur i láthair.